



An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

2020/0100(COD)

24.8.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Ghnóthaí
Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir
(COM(2020)0453 – C9-0153/2020 – 2020/0100(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Izabela-Helena Kloc

RÉASÚNÚ GEARR

Is díol sásaimh don rapóirtéir an moladh Saoráid iasachta don earnáil phoiblí a bhunú faoi mar a fhoráiltear dó sa togra seo. Tá ionad ar leith ag an earnáil phoiblí sa phróiseas a bhaineann leis an aistriú ionsar gheilleagar aeráidneodrach an Aontais a bhrú ar aghaidh. Caithfear a aithint go bhfuil luach ag comhchodanna an gheilleagair sin, amhail infheistíochtaí sóisialta, athshaothrú tailte agus maolú na bochtaineachta fuinnimh, a théann níos faide ná toradh airgeadais gearrthéarmach agus go dteastaíonn cóir ar leith lena n-aghaidh. Ceann de na príomhróil atá ag an earnáil phoiblí is ea teacht i gcabhair ar an margadh nuair a bhíonn sé ag cliseadh.

Ní mór aird ar leith a thabhairt ar réigiúin atá go stairiúil ag brath go mór ar mhianadóireacht ghuail. Tá pobail a bhfuil fréamhacha doimhne acu agus atá idirnasctha sna réigiúin mianadóireachta guail. Is mórspreagthóir eacnamaíochta é tionscal an ghuail, a thugann poist do thart ar 230 000 duine i mianaigh agus i stáisiúin chumhachta ar fud 31 réigiúin in 11 Ballstát den Aontas. Cuireann dúnadh na mianach brú mór ar an tsochaí sna réigiúin sin. Ós rud é go mbíonn an nath ‘gan aon duine a fhágáil ar leataobh’ le cloisteáil go minic, creideann an rapóirtéir go láidir go bhfuil aire speisialta tuillte ag na saoránaigh atá ina gcónaí sna ceantair sin.

Is é tuairim an rapóirtéara gur cheart go mbeadh an ionstraim iasachta don earnáil phoiblí an-solúbtha agus go ligfeadh sé maoiniú a dhéanamh ar raon leathan infheistíochtaí a fhreagraíonn do dhúshlán shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíche agus slándála fuinnimh. Ba cheart d’fhorálacha an Rialacháin seo a chur san áireamh go bhfuil túsphointí éagsúla ann i bpróiseas claochlaithe na mBallstát aonair agus a réigiúin, agus ar an gcaoi sin gur cheart lamháil do mhaoiniú a dhéanamh ar teicneolaíochtaí aistrithe costéifeachtúla.

Tá roinnt leasuithe lárnacha molta ag an rapóirtéir, go príomha ar mhaithe leis na forálacha sa téacs a shoiléiriú.

Ar dtús, tá soiléiriú tugtha ar an sainmhíniú ar cad is ‘tairbhí’ ann. Tagraíonn an téarma ‘eintiteas dlíthiúil san earnáil phoiblí’ d’eintiteas atá bunaithe mar chomhlacht faoin dlí poiblí agus freisin d’eintiteas atá bunaithe mar chomhlacht faoin dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí curtha ar a iontaoibh. Is dealraitheach go bhfágann an sainmhíniú sin go bhfuiltear ag eisiáil as an raon feidhme aon fhiontar nach bhfuil go foirmiúil ina eintiteas san earnáil phoiblí ach fós a dhéanann cúraimí poiblí tábhachtacha amhail bainistiú dramhaíola, athchúrsáil, soilsiú cathrach etc. Creideann an rapóirtéir nach bhfuil bonn cirt leis an eisiáil sin agus go gcuirfeadh sé cosc ar roinnt tionscadal ríthábhachtach chun leasa poiblí a thabhairt chun fíre agus dá réir sin tá athrú ina leith sin molta. Á chur san áireamh nach bhfuil aon sainmhíniú agus tuscint aonair ann i dtaobh an choincheapa ‘misean seirbhíse poiblí’ ar fud na ndlíthe náisiúnta, luadh go soiléir gur cheart go bhfágfadh an fíoras go dtéann eintiteas in CPP le comhlacht poiblí gurb ionann é sin agus misean seirbhíse poiblí. Ar an gcaoi sin réitíodh an débhrí a bhí ann i dtaobh an gcaithfidh eintiteas príobháideach misean seirbhíse poiblí go ginearálta a chomhall, i.e. roimh nó lasmuigh den CPP, nó, i gcodarsnacht leis sin, go bhfágann an fíoras go dtéann eintiteas in CPP le comhlacht poiblí gurb ionann é agus misean seirbhíse poiblí.

An dara rud: chuir an rapóirtéir béim ar an ngá atá ann go mbeadh raon leathan infheistíochtaí cuimsithe faoin tSaoráid. Caithfear aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha níos leithne atá ag eascairt as an bpróiseas aistrithe agus a bhfuil tuairisc mhion orthu sna pleananna

críochacha um aistriú cóir. Chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a chur chun cinn, ar gníomhaíochtaí iad a thiocfaidh in ionad na gcinn sin atá á gcéimniú amach mar gheall ar bheartais aeráide uailmhianacha an Aontais, agus chun éagsúlacht eacnamaíoch na gcríocha dá ndéantar difear a fheabhsú, ba cheart don tSaoráid raon níos leithne infheistíochtaí i gcomparáid leis an gcéad cholún a chuimsiú. Ba cheart go mbeadh an raon leathan d'infheistíochtaí incháilithe ina léiriú ar shainiúlachtaí na riachtanas atá sna réigiúin dá ndéantar difear faoi mar atá luaite ina bpleananna críochacha um aistriú cóir e.g. san iompar, i mbainistiú dramhaíola, i soilsiú poiblí, i dtéamh ceantair, i ndáileadh agus i dtarchur fuinnimh. Ba cheart a áireamh leis sin infheistíochtaí i ngás nádúrtha mar chumasóir FFI agus mar bhealach éifeachtach agus inacmhainne chun aistriú breosla a dhéanamh ó fhoinsí tréan-astaíochta ionas go dtabharfar réitigh ísealastaíochta i gcrích do gheilleagair agus go n-áirithítear go gcoinnítear srian ar chostais an aistrithe.

An tríú rud: creideann an rapóirtéir nár cheart do thríú páirtithe a gcinneadh féin a dhéanamh faoin treo a théann beartais AE atá comhaontaithe ag na Ballstáit uile agus dá bhrí sin gur cheart go mbeadh saintréith sháraitheach ag forálacha an Rialacháin seo i leith bheartais iasachtaithe na gcomhpháirtithe maoinithe, lena n-áirítear BEI. Agus saintréith ilghnéitheach bheartais iasachtaithe na n-institiúidí airgeadais á gcur san áireamh, ar minic leo cineálacha áirithe infheistíochtaí a eisiamh, tá sé tábhachtach dá bhrí sin a áirithiú go mbeidh comhaontuithe riaracháin tugtha i gcrích ag an tSaoráid le comhpháirtithe airgeadais éagsúla, lena n-áirítear bainc náisiúnta, ionas go maoinítear raon earnálacha mór de na hinfeistíochtaí poiblí riachtanacha dá bhforáiltear sna pleananna críochacha um aistriú cóir ag na Ballstáit. Trí bhíthin catalóg oscailte de chomhpháirtithe airgeadais, beifear in ann speictream níos leithne d'úsáid na hionstraimí a chumasú sna Ballstáit agus beidh sé sin i gcomhréir le beartas CE go dtí seo, rud a chruthaíonn an deis do bhainc forbartha náisiúnta a bheith páirteach i gcur chun feidhme ionstraimí airgeadais atá á mbainistiú go díreach ag CE.

An ceathrú rud: tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart go mbeadh tionscadail is tairbhí i dteideal tacaíocht a fháil faoi chlár eile de chuid an Aontais. Dá gceilfí an fhéidearthacht sin, d'féadfadh sé nach dtarlódh an ionsú a bhíodhas ag dréim leis i réigiúin níos lú forbairt mar gheall ar dheacrachtaí a bhainfeadh le cómhaoiniú.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip an 11 Nollaig 2019⁹, inar leagadh amach a threochlár i dtreo beartas fáis nua le haghaidh na hEorpa agus inar leagadh

Leasú

(1) Ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip an 11 Nollaig 2019⁹, inar leagadh amach a threochlár i dtreo beartas fáis nua le haghaidh na hEorpa agus inar leagadh

amach cuspóirí uailmhianacha chun an t-athrú aeráide a shárú agus chun an comhshaol a chosaint. I gcomhréir leis an gcuspóir neodracht aeráide a bhaint amach **san Aontas faoi 2050** ar dhóigh éifeachtach **agus chóir**, fógraíodh sa Chomhaontú Glas don Eoraip go mbeadh Sásra um Aistriú Cóir ann, lena soláthrófaí bealaí chun aghaidh a thabhairt ar **dhúshlán an chomhshaoil** gan aon duine a fhágáil chun deiridh. Is iad na réigiúin agus na daoine is leochailí is mó a bhíonn neamhchosanta ar thionchar díobhálach an athraithe aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil. San am céanna, tá gá le hathruithe suntasacha struchtúracha chun an t-aistriú a bhainistiú.

⁹ COM(2019) 640 final.

amach cuspóirí uailmhianacha chun an t-athrú aeráide a shárú agus chun an comhshaol a chosaint. I gcomhréir leis an gcuspóir neodracht aeráide a bhaint amach **in AE** ar dhóigh éifeachtach, **chothrom agus dhlúthpháirteach**, fógraíodh sa Chomhaontú Glas don Eoraip go mbeadh Sásra um Aistriú Cóir ann, lena soláthrófaí bealaí chun aghaidh a thabhairt ar **dhúshlán an aistrithe agus fós** gan aon duine a fhágáil chun deiridh. Is iad na réigiúin agus na daoine is leochailí is mó a bhíonn neamhchosanta ar thionchar díobhálach an athraithe aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil. San am céanna, tá gá le hathruithe suntasacha struchtúracha chun an t-aistriú a bhainistiú **agus teastaíonn infheistíochtaí stuama lena n-aghaidh**.

⁹ COM(2019) 640 final.

Or. en

Réasúnú

Ailínithe leis an bhfoclaíocht ó Chonclúidí na Comhairle (Nollaig 2019, Iúil 2020).

Leasú 2

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) Déanfar difear ar bhealaí éagsúla do phobail agus saoránaigh éagsúla, ag brath ar a n-imthosca sóisialta, geografacha agus stairiúla. Ní thosaíonn gach Ballstát, réigiún agus cathair ar a n-aistriú ón bpointe céanna agus níl an cumas freagartha céanna acu. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach a aithint nach í an tairbhe chéanna a bhainfidh gach réigiún agus pobal as aistriú ionsar gheilleagar aeráidneodrach agus go mbeidh athruithe ina lorg socheacnamaíoch, lena n-áirítear leas

sóisialach agus poist, mar gheall ar raon leathan toasca. Maidir leis an méadú ar dheiseanna fostaíochta sa réamhaisnéis don aistriú, tá sé dailte go héagothrom ar fud réigiúin éagsúla agus ní móide go bhfuil cruthú poist in earnálacha nua ailínithe go néata leis an gcaillteanas post, bíodh sin ó thaobh ama de nó ar bhonn geografach.

Or. en

Leasú 3

**Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 1 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1b) Chun go mbeadh rath ar an dúthracht, caithfear aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb go bhfuil luas athraitheach don aistriú ann san Aontas i ndáil le gníomhaíocht aeráide, ach freisin go bhfuil baol ann go méadóidh éagsúlachtaí socheacnamaíocha idir réigiúin agus go mbeidh frithsheasamh sóisialta i leith beartais aeráide ag teacht ó ghrúpaí sóisialta a ndéanfar difear díobhálach dóibh. Tá sé fíorthábhachtach an dícheall a dhíriú isteach ar chlaochlú eacnamaíoch agus ar athbheochan na gcricoch lena mbaineann (i.e. réigiúin mianadóireachta guail) seachas a bheith ag brath ar shoghluaisteacht oibrithe agus ag cruthú an bhaoil go dtarlóidh dídhaonrú nó stalcaidh i réigiúin iomlána. Chun comhleanúnachas a choimeád idir cuspóirí an aistrithe agus tosaíochtaí agus spriocanna an Aontais, amhail borradh a chur faoi fhostaíocht nó bochtaineacht agus éagothromaíocht a laghdú, tá gá le tacaíocht airgeadais stóinseach le haghaidh gníomhaíochtaí agus réitigh d'aistriú fuinnimh éifeachtach agus inacmhainne agus le haghaidh maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha socheacnamaíocha a bheidh acu.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip¹⁰ an 14 Eanáir 2020, lenar bunaíodh an Sásra um Aistriú Cóir atá dírithe ar na réigiúin agus ar na hearnálacha ina n-imreoidh an t-aistriú an tionchar is mó mar gheall ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear gual, móin agus sceall ola, nó ar phróisis thionsclaíochta atá dian ó thaobh gáis cheaptha teasa de, ach a bhfuil cumas níos lú acu na hinfeistíochtaí **is gá** a mhaoiniú. Tá na trí cholún seo a leanas sa Sásra um Aistriú Cóir: Ciste um Aistriú Cóir arna chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, scéim thiomnaithe um aistriú cóir faoi InvestEU, agus saoráid iasachta don earnáil phoiblí chun infheistíochtaí breise a fhorscaoileadh sna réigiúin lena mbaineann.

¹⁰ COM(2020) 21 final.

Leasú

(2) Ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip¹⁰ an 14 Eanáir 2020, lenar bunaíodh an Sásra um Aistriú Cóir atá dírithe ar na réigiúin, **ar na pobail** agus ar na hearnálacha ina n-imreoidh an t-aistriú **fuinnimh** an tionchar is mó mar gheall ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear gual, móin agus sceall ola, nó ar phróisis thionsclaíochta atá dian ó thaobh gáis cheaptha teasa de, **agus ar struchtúr a bhfostaíochta** ach a bhfuil cumas níos lú acu na hinfeistíochtaí **atá riachtanach le haghaidh beartais aeráide an Aontais** a mhaoiniú. Tá na trí cholún seo a leanas sa Sásra um Aistriú Cóir: Ciste um Aistriú Cóir arna chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, scéim thiomnaithe um aistriú cóir faoi InvestEU, agus saoráid iasachta don earnáil phoiblí chun infheistíochtaí breise a shlógadh sna réigiúin lena mbaineann.

¹⁰ COM(2020) 21 final.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Tá ionad ar leith ag an earnáil phoiblí sa phróiseas a bhaineann leis an aistriú ionsar gheilleagar aeráidneodrach an Aontais a bhrú ar aghaidh. Caithfear a aithint go bhfuil luach ag comhchodanna an gheilleagair sin, amhail athnuateáin

agus forbairtí ísealcharbóin níos leithne, nuálaíocht thrasearnálach agus infheistíochtaí sóisialta a théann níos faide ná toradh airgeadais gearrthéarmach agus go dteastaíonn cóir ar leith lena n-aghaidh. Ceann de na príomhróil atá ag an earnáil phoiblí is ea teacht i gcabhair ar an margadh nuair a bhíonn sé ag cliseadh.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Ba cheart saoráid iasachta don earnáil phoiblí (“an tSaoráid”) a sholáthar. Is í an tríú colún den Sásra um Aistriú Cóir a bheidh inti, a thacóidh le heintitis san earnáil phoiblí a gcuid infheistíochtaí a dhéanamh. Ba cheart do na hinfeistíochtaí sin na riachtanais forbartha a eascraíonn as na dúshláin aistrithe a chomhlíonadh, dúshláin a dtugtar tuairisc orthu sna pleananna críochacha um aistriú cóir ***faoi mar atá glactha*** ag an gCoimisiún. Ba cheart do na gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag brath orthu le haghaidh tacaíochta a bheith comhsheasmhach agus comhlántach leo siúd lena dtacaítear faoin dá cholún eile den Sásra um Aistriú Cóir.

Leasú

(4) Ba cheart saoráid iasachta don earnáil phoiblí (“an tSaoráid”) a sholáthar. Is í an tríú colún den Sásra um Aistriú Cóir a bheidh inti, a thacóidh le heintitis san earnáil phoiblí a gcuid infheistíochtaí a dhéanamh. Ba cheart do na hinfeistíochtaí sin na riachtanais forbartha a eascraíonn as na dúshláin aistrithe a chomhlíonadh, dúshláin a dtugtar tuairisc orthu sna pleananna críochacha um aistriú cóir ***faoi mar atá formheasta*** ag an gCoimisiún. Na gníomhaíochtaí a samhlaítear go mbeidh tacaíocht á dtabhairt dóibh, ba cheart dóibh a bheith comhsheasmhach agus comhlántach leo siúd a fhaigheann tacaíocht faoin dá cholún eile den Sásra um Aistriú Cóir.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Chun cur le héagsúlú eacnamaíoch na gcríoch a bhfuil tionchar ag an aistriú orthu, ba cheart raon ***leathan*** infheistíochtaí a chumhdach leis an

Leasú

(5) Chun cur le héagsúlú eacnamaíoch na gcríoch a bhfuil tionchar ag an aistriú orthu, ba cheart don tSaoráid raon ***níos leithne*** infheistíochtaí a chumhdach ***i***

tSaoráid, ar choinníoll go rannchuidíonn siad le riachtanais forbartha a chomhlíonadh san aistriú go geilleagar a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, faoi mar a dtugtar tuairisc orthu sna pleananna críochacha um aistriú cóir. Leis na hinfheistíochtaí a dtacófar leo féadfar na nithe seo a leanas a chumhdach: bonneagar fuinnimh agus iompair, **líonraí** téimh ceantair, soghluaisteacht ghlas, bainistiú dramhaíola cliste, fuinneamh glan agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áireofar athchóiriú agus athnuachan foirgneamh, tacaíocht le haghaidh an aistrithe go geilleagar ciorclach, athchóiriú agus dí-éilliú talún, chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú, oiliúint agus bonneagar sóisialta, lena n-áireofar tithíocht shóisialta. Féadfar réitigh as a dtagann athléimneacht feabhsaithe bonneagair in aghaidh tubaistí a áirithiú le forbairtí bonneagair freisin. Ba cheart tús áite a thabhairt do chur chuige infheistíochta cuimsitheach, go háirithe le haghaidh críocha a bhfuil riachtanais aistrithe thábhachtacha acu. D'fhéadfaí tacú le hinfheistíochtaí in earnálacha eile freisin dá mbeidís comhsheasmhach leis na pleananna críochacha um aistriú cóir a glacadh. Trí thacú le hinfheistíochtaí nach ngineann ioncam leordhóthanach, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid na hacmhainní breise is gá a sholáthar d'eintitis san earnáil phoiblí, acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta, eacnamaíocha **agus** chomhshaoil a eascraíonn as an gcoigeartú mar gheall ar aistriú aeráide. ***Chun cuidiú le hinfheistíochtaí le tionchar comhshaoil ard dearfach atá incháilithe faoin tSaoráid a aithint, féadfar úsáid a bhaint as tacsanomaíocht an Aontais maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.***

gcomparáid leis an gcéad cholún ar choinníoll go rannchuidíonn siad le riachtanais forbartha a chomhlíonadh in aistriú ***an Aontais*** go geilleagar a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de, faoi mar a dtugtar tuairisc orthu sna pleananna críochacha um aistriú cóir. Leis na hinfheistíochtaí a dtacófar leo, féadfar na nithe seo a leanas a chumhdach: bonneagar fuinnimh agus iompair, ***córais*** téimh ceantair, soghluaisteacht ghlas, bainistiú dramhaíola cliste, fuinneamh glan ***agus ísealcharbóin*** agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear athchóiriú agus athnuachan foirgneamh, tacaíocht le haghaidh an aistrithe go geilleagar ciorclach, athchóiriú agus dí-éilliú talún, chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú, oiliúint agus bonneagar sóisialta, lena n-áirítear tithíocht shóisialta. Féadfar réitigh as a dtagann athléimneacht feabhsaithe bonneagair in aghaidh tubaistí a áirithiú le forbairtí bonneagair freisin. ***Trí infheistíocht i ngás nádúrtha mar chumasóir foinse fuinnimh inathnuaite (FFI) agus mar bhealach éifeachtach agus inacmhainne chun aistriú breosla a dhéanamh ó fhoinsí tréanastaíochta, ba cheart go dtiocfaí ar réitigh ísealastaíochta do gheilleagair agus go n-áiritheofaí go gcoinnítear srian ar chostais an aistrithe.*** Ba cheart tús áite a thabhairt do chur chuige infheistíochta cuimsitheach, go háirithe le haghaidh críocha a bhfuil riachtanais aistrithe thábhachtacha acu. D'fhéadfaí tacú le hinfheistíochtaí in earnálacha eile freisin má tá siad comhsheasmhach leis na pleananna críochacha um aistriú cóir atá glactha. Trí thacú le hinfheistíochtaí nach ngineann ioncam leordhóthanach, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid acmhainní breise a sholáthar d'eintitis san earnáil phoiblí, ar acmhainní iad atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta, eacnamaíocha, chomhshaoil ***agus slándála fuinnimh*** a eascraíonn as an gcoigeartú mar gheall ar aistriú aeráide.

Or. en

Réasúnú

Trí raon níos leithne infheistíochtaí, atreiseofar éifeachtúlacht na tacaíochtaí faoin CuAC agus déanfar uasmhéadú ar éifeacht na n-infheistíochtaí sin, lena n-áirítear trí na hacmhainní breise a ghíarálfar.

Leasú 8

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5a) Na hionstraimí tacaíthe a chlúdaíonn go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus bainistiú fuíolluisce, d'fhéadfaí iad a chur chun feidhme go rathúil trí Chomhpháirtíochtaí Priobháideacha Poiblí (CPPanna). Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuimseofaí CPPanna leis an tSaoráid. Eintiteas príobháideach, bíodh sé bainteach leis an earnáil poiblí nó ná bíodh, a bhfuil CPP aige le comhlacht poiblí ar mháithe le tionscadal a chomhlíonann na critéir a leagtar síos leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart dó a bheith ina thairbhí incháilithe de chuid na Saoráide. Ba cheart go bhfágfadh an fíoras go dtéann eintiteas in CPP le comhlacht poiblí gurb ionann é sin agus misean seirbhíse poiblí.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5b) Níor cheart go mbeadh aon tionchar ag tríú páirtithe ar an treo a dtéann beartais an Aontais atá comhaontaithe leis na Ballstáit. Ba cheart saintréith sháraitheach an Rialacháin seo i leith bheartais iasachtaithe an

chomhpháirtithe maoinithe a shonrú in aon chomhaontuithe riaracháin a shínítear idir an Coimisiún agus an comhpháirtí maoinithe. Agus saintréith ilghnéitheach bheartais iasachtaithe na n-institiúidí airgeadais á gcur san áireamh, ar minic leo cineálacha áirithe infheistíochtaí a eisiamh, tá sé tábhachtach dá bhrí sin a áirithiú go mbeidh comhaontuithe riaracháin tugtha i gcrích ag an tSaoráid le comhpháirtithe airgeadais éagsúla, lena n-áirítear bainc náisiúnta, ionas go maoinítear raon earnálacha mór de na hinfheistíochtaí poiblí riachtanacha dá bhforáiltear sna pleananna críochacha um aistriú cóir ag na Ballstáit.

Or. en

Leasú 10

**Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 16 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16a) I bhfianaise an leibhéal coibhneasta íseal a ghabhann le comhchuid deontais, d'fhéadfadh sé go mbeadh sreabh neamhdhóthanach d'acmhainní dílse ag roinnt tionscadal a fhágann nach bhféadfaidís tacaíocht a fháil go huile agus go hiomlán ón tSaoráid. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh mar thoradh air sin ná nach mbeadh an ionsú a rabhthas ag dréim leis ag tarlú i réigiúin is lú forbartha mar a bhféadfadh deacrachtaí i gcómhaoiniú a bheith ann don earnáil phoiblí atá ar ioncam níos ísle. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfaidh na tionscadail incháilithe an tacaíocht a chomhshnaidhmeadh faoi chláir eile de chuid an Aontais.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Rialacháin Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(22) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon infheistíochtaí poiblí a ghíaráil sna críocha is mó a mbeidh tionchar ag an aistriú go neodracht aeráide orthu trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha comhfhreagracha, a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar. Is iad na príomhchúiseanna leis sin na deacrachtaí a bhíonn ag eintitis phoiblí tacú le hinfeistíochtaí nach ngineann sreabha leordhóthanacha ioncaim dhílis ná nach dtéann chun tairbhe na gcríoch is mó a bheidh faoi thionchar diúltach de dheasca an aistrithe aeráide, gan tacaíocht deontais ón Aontas, agus an gá le creat comhleanúnach cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach. Ós rud é gur fearr is féidir na cuspóirí sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta faoi mar a leagtar amach é san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

Leasú 12

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Soláthrófar leis an tSaoráid tacaíocht a rachaidh chun sochair chríocha an Aontais a mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thromchúiseacha shóisialta, chomhshaoil *agus* eacnamaíocha a eascróidh as próiseas aistrithe an Aontais

Leasú

(22) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon infheistíochtaí poiblí a ghíaráil sna críocha is mó a mbeidh tionchar ag aistriú *an Aontais* go neodracht aeráide orthu trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha comhfhreagracha, a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar. Is iad na príomhchúiseanna leis sin ná na deacrachtaí a bhíonn ag eintitis phoiblí tacú le hinfeistíochtaí nach ngineann sreabha leordhóthanacha ioncaim dhílis agus nach dtéann chun tairbhe na gcríoch is mó a bheidh faoi thionchar diúltach de dheasca an aistrithe aeráide, gan tacaíocht deontais ón Aontas, agus an gá atá le creat comhleanúnach cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach. Ós rud é gur fearr is féidir na cuspóirí sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

Or. en

Leasú

Soláthrófar leis an tSaoráid tacaíocht a rachaidh chun sochair chríocha an Aontais a mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thromchúiseacha shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha *agus slándála fuinnimh* a eascróidh as próiseas aistrithe

chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de *faoi 2050*.

an Aontais chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. ciallaíonn “tairbhí” eintiteas dlítheanach **san earnáil phoiblí** a bunaíodh i mBallstát mar chomhlacht dlí phoiblí, nó mar chomhlacht faoi rialú an dlí phríobháidigh ar cuireadh misean seirbhíse poiblí air, lenar síníodh comhaontú deontais faoin tSaoráid;

Leasú

2. ciallaíonn “tairbhí” eintiteas dlítheanach atá bunaithe i mBallstát mar chomhlacht dlí phoiblí, nó mar chomhlacht faoi rialú an dlí phríobháidigh **a bhfuil cur chun feidhme compháirtíocht phoiblí-príobháideach (CPP) nó** misean seirbhíse poiblí **eile** curtha ar iontaoibh air, agus a bhfuil comhaontú deontais sínithe leis faoin tSaoráid;

Or. en

Réasúnú

Tagraíonn an téarma ‘eintiteas dlítheanach san earnáil phoiblí’ d’eintiteas atá bunaithe mar chomhlacht faoin dlí poiblí agus freisin d’eintiteas atá bunaithe mar chomhlacht faoin dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí curtha ar a iontaoibh. Fágann sé sin go bhfuil fiontair nach den earnáil phoiblí iad ach a dhéanann cúraimí poiblí amhail bainistiú dramhaíola, athchúrsáil, soilsiú cathrach etc. eisiata as an raon feidhme. Tugann sé le tuiscint freisin i gcás CPP nach bhfuil eintitis shainchuspóreacha (ESCanna) príobháideacha nach eintitis den earnáil phoiblí iad incháilithe ach oiread. Níl bonn cirt leis an eisiámh sin agus chuirfeadh sé cosc ar roinnt tionscadal rithábhachtach chun leasa poiblí a thabhairt chun fóire.

Leasú 14

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Is é cuspóir ginearálta na Saoráide aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shocheacnamaíocha thromchúiseacha a eascraíonn as próiseas an aistrithe chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na

Leasú

1. Is é cuspóir ginearálta na Saoráide ná aghaidh a thabhairt ar dhúshlán thromchúiseacha shocheacnamaíocha, **slándála fuinnimh agus chomhshaoil** a eascraíonn as próiseas aistrithe **an Aontais**

haeráide de, agus é sin a dhéanamh chun tairbhe chríocha **an Aontais** a aithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir arna n-ullmhú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán [Rialachán CuAC].

chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, agus é sin a dhéanamh chun tairbhe na gcríoch a saináithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir arna n-ullmhú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán [Rialachán CuAC].

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Beidh mar chuspóir sonrath ag an tSaoráid infheistíochtaí ón earnáil phoiblí a mhéadú, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais forbartha na réigiún a aithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir, trí mhaoiniú na dtionscadal nach ngineann sreabh leordhóthanach ioncaim dhílis agus nach maoiníofaí gan gné na tacaíochta deontais ó bhuiséad an Aontais a éascú.

Leasú

2. Beidh mar chuspóir sonrath ag an tSaoráid infheistíochtaí ón earnáil phoiblí a mhéadú, **lena dtugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí agus do réitigh le haghaidh aistriú fuinnimh atá cóir, éifeachtach agus inacmhainne agus** lena dtugtar aghaidh ar riachtanais forbartha na réigiún a saináithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir, trí éascú a dhéanamh ar mhaoiniú na dtionscadal nach ngineann sreabh leordhóthanach ioncaim dhílis agus nach maoiníofaí gan gné na tacaíochta deontais ó bhuiséad an Aontais.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 8 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) bíonn tionchar intomhaiste ag na tionscadail maidir le haghaidh a thabhairt ar dúshláin thromchúiseacha shóisialta, eacnamaíochacha agus chomhshaoil a eascraíonn as próiseas an aistrithe chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus rachaidh siad chun tairbhe na gcríoch a aithnítear i bplean críochach um aistriú cóir, fiú mura bhfuil siad

Leasú

(a) bíonn tionchar intomhaiste ag na tionscadail maidir le haghaidh a thabhairt ar dúshláin thromchúiseacha shóisialta, eacnamaíochacha nó comhshaoil **agus slándála fuinnimh** a eascraíonn as próiseas aistrithe **an Aontais** chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus rachaidh siad chun tairbhe na gcríoch a saináithnítear i bplean críochach um aistriú cóir, fiú mura bhfuil siad lonnaithe sna

lonnaithe sna críocha sin;

críocha sin;

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 8 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) ní fhaigheann na tionscadail tacaíocht faoi aon chlár eile de chuid an Aontais;

scriosta

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

D'ainneoin na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 197 den Rialachán Airgeadais, is iad na heintitis dhlíthiúla **san earnáil phoiblí** a bunaíodh i mBallstát mar chomhlacht dlí phoiblí nó mar chomhlacht faoi rialú an dlí phríobháidigh ar cuireadh misean seirbhíse poiblí air, agus iadsan amháin, atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh mar thairbhíthe **féideartha** faoin Rialachán seo.

In ainneoin na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 197 den Rialachán Airgeadais, is eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i mBallstát mar chomhlacht dlí phoiblí nó mar chomhlacht faoi rialú an dlí phríobháidigh a bhfuil misean seirbhíse poiblí curtha ar iontaoibh air, **amhail comhlacht a bhfuil cur chun feidhme CPP curtha ar iontaoibh air**, agus iadsan amháin, atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh mar thairbhíthe faoin Rialachán seo.

Or. en

Réasúiní

Tagraíonn an téarma 'eintiteas dlíthiúil san earnáil phoiblí' d'eintiteas atá bunaithe mar chomhlacht faoin dlí poiblí agus freisin d'eintiteas atá bunaithe mar chomhlacht faoin dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí curtha ar a iontaoibh. Fágann sé sin go bhfuil fiontair nach den earnáil phoiblí iad ach a dhéanann cúraimí poiblí amhail bainistiú dramhaíola, athchúrsáil, soilsiú cathrach etc. eisiata as an raon feidhme. Tugann sé le tuiscint freisin i gcás CPP nach bhfuil eintitis shainchuspóreacha (ESCanna) príobháideacha nach eintitis den earnáil phoiblí iad incháilithe ach oiread. Nil bonn cirt leis an eisiámh sin agus chuirfeadh sé cosc ar roinnt tionscadal rithábhachtach chun leasa poiblí a thabhairt chun fire.

Leasú 19

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Ní bheidh méid an deontais níos mó ná 15 % de mhéid na hiasachta a sholáthair an comhpháirtí airgeadais faoin tSaoráid seo. Maidir le tionscadail lonnaithe i gcríocha NUTS leibhéal 2 a bhfuil olltáirgeacht intíre per capita acu nach mó í ná 75 % de mheán-olltáirgeacht intíre san AE-27 dá dtagraítear in Airteagal [102(2)] de Rialachán [Rialachán na bhForálacha Coiteanna nua], ní bheidh méid an deontais níos mó ná **20 %** de mhéid na hiasachta a sholáthair an comhpháirtí airgeadais.

Leasú

2. Ní bheidh méid an deontais níos mó ná 15 % de mhéid na hiasachta a bheidh soláthraithe ag an gcomhpháirtí airgeadais faoin tSaoráid seo. Maidir le tionscadail atá lonnaithe i gcríocha NUTS leibhéal 2 a bhfuil OTI *per capita* acu nach mó ná 75 % den mheán-OTI in AE-27 dá dtagraítear in Airteagal [102(2)] de Rialachán [Rialachán na bhForálacha Coiteanna nua], ní bheidh méid an deontais níos mó ná **25%** de mhéid na hiasachta a bheidh soláthraithe ag an gcomhpháirtí airgeadais. ***Maidir le tionscadail atá lonnaithe i gcríocha NUTS leibhéal 2 a bhfuil OTI per capita acu idir 75 % agus 100 % den mheán-OTI in AE-27 dá dtagraítear in Airteagal [102(2)] de Rialachán [Rialachán na bhForálacha Coiteanna nua], agus a bhí aicmithe mar réigiúin is lú forbairt i dtréimhse chlársceidealaithe 2014-2020, ní bheidh méid an deontais níos mó ná 25 % de mhéid na hiasachta a bheidh soláthraithe ag an gcomhpháirtí airgeadais.***

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Chomh maith leis na forais a shonraítear in Airteagal 131(4) den Rialachán Airgeadais agus tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhpháirtí airgeadais, féadfar méid an deontais a laghdú nó an comhaontú deontais a fhoirceannadh mura síneofar laistigh de ***dhá bhliain*** ó dháta sínithe an chonartha deontais conradh an

Leasú

1. Chomh maith leis na forais a shonraítear in Airteagal 131(4) den Rialachán Airgeadais agus tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhpháirtí airgeadais, féadfar méid an deontais a laghdú nó an comhaontú deontais a fhoirceannadh mura mbeidh, laistigh de ***thrí bliana*** ó dháta sínithe an chonartha deontais, síniú déanta

tsoláthair, an Conradh oibreacha nó an Conradh seirbhísí is suntasaí go heacnamaíoch, i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe an Conradh sin a thabhairt i gcrích de bhun an chomhaontaithe deontais.

ar chonradh an tsoláthair, ar an gconradh oibreacha nó ar an Conradh seirbhísí is suntasaí go heacnamaíoch, i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe an Conradh sin a thabhairt i gcrích de bhun an chomhaontaithe deontais.

Or. en

Réasúnú

I gcás tionscadal casta agus fadtéarmacha lena ngabhann straitéis ilchonarthachta, ní leor dhá bhliain chun próiseas an chomhaontaithe a thabhairt chun críche.

Leasú 21

Togra le haghaidh Rialacháin Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun Iarscríbhinn II a leasú trí na táscairí dá dtagraítear i mír 1 a mhodhnú.

Leasú

3. ***Má fhaightear leis an meastóireacht eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 15(2) nach leor na táscairí in Iarscríbhinn II chun go bhféadfar measúnú cuí a dhéanamh ar an tSaoráid,*** cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun Iarscríbhinn II a leasú trí na táscairí dá dtagraítear i mír 1 a mhodhnú.

Or. en